Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Eanáir 2025**
**(OR. en)**

**5741/25**

**AGRILEG 13**
**VETER 12**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Eanáir 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D103880/01 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN<br>an XXX<br>lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine a chur ar an margadh agus allmhairí díobh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D103880/01.

---

Faoi iamh: D103880/01

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/1618/2022 Rev. 3
(POOL/G2/2022/PLAN_1618/1618R3-EN.docx) D103880/01
[…](2025) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine a chur ar an margadh agus allmhairí díobh**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

GA GA

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine a chur ar an margadh agus allmhairí díobh**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (Rialachán maidir le seachtháirgí ainmhithe)[1], agus go háirithe Airteagal 15(1) pointe (c), Airteagal 18(3), pointe (a), Airteagal 20(11), pointe (a), Airteagal 21(6), pointí (c) agus (d), Airteagal 27, pointe (g), Airteagal 41(3), an chéad agus an tríú fomhír agus Airteagal 42(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is éard a leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún[2] bearta cur chun feidhme maidir leis na rialacha sláinte poiblí agus na rialacha sláinte ainmhithe i leith seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009, lena n-áirítear rialacha maidir le táirgí den chineál sin a chur ar an margadh agus allmhairí de tháirgí den sórt sin ó thríú tíortha.

(2) I bhfianaise ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach (HPAI) a tharla le déanaí agus i bhfianaise an ionfhabhtaithe leis an víreas HPAI a breathnaíodh i gcatagóirí áirithe mamach i gcríoch an Aontais, is gá bearta maolaithe riosca breise a leagan síos chun tabhairt isteach agus leathadh an víris HPAI ó ábhair éanlaithe clóis go speicis eile a chosc. Dá bhrí sin, ba cheart na rialacha beathaithe speisialta le haghaidh ábhar de Chatagóir 2 a leagtar síos in Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a leasú.

(3) Maidir le hábhar de Chatagóir 2 a fhaightear ó éin nár maraíodh nó nach bhfuair bás de thoradh láithreacht nó láithreacht amhrasta galair atá teagmhálach don duine nó d'ainmhithe, féadfar an t-ábhar sin a thabhairt mar bheatha d'ainmhithe fionnaidh i gcomhréir le hAirteagal 13(1), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 142/2011. San fhorléargas ar an bhFliú Éanúil a d'fhoilsigh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht

---

1 IO L 300, 14.11.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1069/oj.

2 Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena gcuirtear chun feidhme Treoir 97/78/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le samplaí agus ítimí áirithe atá díolmhaithe ó sheiceálacha tréidliachta ag an teorainn faoin Treoir sin (IO L 54, 26.2.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/142/oj).

Bia[3] ('an tÚdarás'), tugtar le fios gur dócha go dtiocfaidh na sócháin den víreas HPAI a bhféadfadh impleachtaí a bheith acu don tsláinte phoiblí chun cinn nuair a tharchuirfear chuig mamaigh iad. Dá bhrí sin, chun an riosca a bhaineann leis an víreas HPAI a thabhairt isteach agus a leathadh ar ainmhithe den speiceas mamach a chosc agus chun teacht chun cinn féideartha na sóchán a bhféadfadh impleachtaí méadaithe a bheith acu ar shláinte ainmhithe agus ar shláinte phoiblí san Aontas a chosc freisin, is gá coinníollacha breise a leagan síos i gcás ina dtugtar ábhar de Chatagóir 2 den sórt sin d'ainmhithe gan aon réamhphróiseáil. Go háirithe, sula n-údaraítear ábhar de Chatagóir 2 a fhaightear ó éin lena thabhairt mar bheatha, i gcomhréir le hAirteagal 13(1), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, ba cheart measúnú riosca a dhéanamh ar an údarás inniúil a chinneann gur diomaibhseach an riosca maidir leis an víreas HPAI a thabhairt isteach agus a leathadh ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 13 a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a leasú dá réir.

(4) Le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], arna leasú le Rialachán (AE) 2022/2246 ón gCoimisiún[5], toirmisctear go dtiocfaí baoití sealgaireachta atá déanta as fual ó ainmhithe den chineál fia isteach san Aontas. Ba cheart an toirmeasc sin a léiriú in Airteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, agus i gCaibidil 17 d'Iarscríbhinn XV a ghabhann leis an Rialachán sin.

(5) Ina theannta sin, le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 leagtar síos rialacha maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe a allmhairiú, a iompar agus a onnmhairiú. Maidir le céaracha beach próiseáilte faoi chód AC 1521 90 99 atá beartaithe lena n-úsáid mar tháirgí teicniúla deiridh, seachas lena n-úsáid i dtáirgeadh beatha, leasacháin, beachlanna, cosmaidí, nó cógaisíocht, ní thagann siad i dteagmháil le hainmhithe saothraithe agus ní chuireann siad sláinte ainmhithe i mbaol. Dá bhrí sin, ba cheart céaracha beach próiseáilte den sórt sin a chur leis na táirgí a liostaítear in Airteagal 25(2) de Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, nach mbeidh a n-allmhairiú isteach san Aontas ná iad a bheith faoi bhealach tríd an Aontas faoi réir aon choinníoll sláinte ainmhithe. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 25 a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún a leasú dá réir.

(6) Le Caibidil IV, Roinn 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, déantar foráil maidir le liosta ina bhfuil tuairisc mhionsonraithe ar mhodhanna próiseála malartacha chun bithdhíosal agus breoslaí in-athnuaite a tháirgeadh. Féadfar ola chócaireachta úsáidte, dá dtagraítear in Airteagal 2 (2), pointe (g)(iii), de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 a úsáid mar ábhar tosaigh i dtáirgeadh bithdhíosail agus breoslaí in-athnuaite. Dá bhrí sin, ba cheart foclaíocht na modhanna próiseála malartacha dá dtagraítear i gCaibidil IV, Roinn 2, pointí D, J agus L, d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a leasú chun soiléiriú a dhéanamh ar úsáid ábhair tosaigh sna modhanna próiseála malartacha nua.

---

[3] *Avian influenza overview December 2022 – March 2023* [Forléargas ar an bhfliú éanúil Nollaig 2022 – Márta 2023] (*EFSA Journal* [Iris EFSA] 2023;21(3):7917).

[4] Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha chun einceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú (IO L 147, 31.5.2001, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2001/999/oj).

[5] Rialachán (AE) 2022/2246 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2022 lena leasaítear Iarscríbhinní VIII agus IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le galar sirg ainsealach in ainmhithe beo den chineál fia (IO L 295, 16.11.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2246/oj).

(7) Tar éis iarratas ar údarú modha mhalartaigh arna chur isteach ag Éirinn, dá bhforáiltear in Airteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009, d'fhoilsigh an tÚdarás Tuairim Eolaíoch darbh ainm '*Evaluation of an alternative method for production of biodiesel from processed fats derived from Category 1, 2 and 3 animal by- products*'[6] [Meastóireacht ar mhodh malartach chun bithdhíosal a tháirgeadh ó shaillte próiseáilte a dhíorthaítear ó sheachtháirgí ainmhithe de Chatagóir 1, 2 agus 3].

(8) Tar éis iarratas ar údarú modha mhalartaigh arna chur isteach ag an Ostair, dá bhforáiltear in Airteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009, d'fhoilsigh an tÚdarás Tuairim Eolaíoch darbh ainm '*Evaluation of the application for new alternative biodiesel production process from rendered fat including Category 1 animal by- products*'[7] [Meastóireacht ar an iarratas ar phróiseas táirgthe bithdhíosail malartach nua ó shaill leáite lena n-áirítear seachtháirgí ainmhithe de Chatagóir 1].

(9) Mheas an tÚdarás gur modhanna sábháilte malartacha iad an dá mhodh mhalartacha sin chun saillte próiseáilte agus leáite a phróiseáil ina mbithdhíosal. Dá bhrí sin, ba cheart an dá mhodh próiseála mhalartacha nua sin a chur le Caibidil IV, Roinn 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011.

(10) Le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, leagtar síos rialacha maidir le húsáid agus diúscairt táirgí díorthaithe a fhaightear trí mhodhanna próiseála malartacha. Dá bhrí sin, ba cheart Caibidil IV, Roinn 3 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a leasú chun rialacha maidir le húsáid agus diúscairt táirgí a dhíorthaítear ón dá mhodh próiseála mhalartacha nua a leagan síos.

(11) Le hIarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 leagtar síos rialacha maidir le múiríniú agus chlaochlú bithgháis. Le déanaí, cuireadh 'fuíoll feithidí' mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I, pointe 61, a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 le Caibidil 1, Roinn 2 d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán sin chun paraiméadair shábháilte a thabhairt isteach maidir le teaschóireáil fuíll feithidí. Is gá freisin paraiméadair chaighdeánacha chlaochlaithe a leagan síos maidir le fuíoll feithidí a mhúiríniú nó maidir lena chlaochlú ina bhithghás. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a leasú dá réir.

(12) Le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, arna leasú le Rialachán (AE) 2021/1925 ón gCoimisiún[8], tá seiriceáin (*Bombyx mori*) sa liosta de speicis feithidí atá údaraithe le haghaidh próitéin ainmhíoch phróiseáilte a mhonarú san Aontas, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn X, Caibidil II, Roinn 1, a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011. Dá bhrí sin, is iomchuí cead a thabhairt allmhairí próitéine ainmhíche próiseáilte a dhíorthaítear ó sheiriceáin (*Bombyx mori*) a ligean isteach san Aontas. Tá iarratas curtha isteach ag an Indinéis chuig an gCoimisiún chun bheith liostaithe in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 mar thríú tír atá údaraithe i ndáil le próitéin ainmhíoch phróiseáilte de bhunadh feithidí a allmhairiú isteach san Aontas agus a bheith faoi bhealach tríd. Rinne an Coimisiún measúnú

---

6 EFSA Journal [Iris EPSA] 2020;18(4):6089.

7 EFSA Journal [Iris EPSA] 2021;19(4):6511.

8 Rialachán (AE) 2021/1925 ón gCoimisiún an 5 Samhain 2021 lena leasaítear Iarscríbhinní áirithe a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a mhéid a bhaineann le táirgí feithidí áirithe a chur ar an margadh agus le modh coimeádta a oiriúnú (IO L 393, 8.11.2021, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1925/oj).

domhain ar reachtaíocht tréidliachta an tríú tír is iarratasóir agus ar chumas a údarás inniúil rialuithe oifigiúla a dhéanamh i ndáil le bia peataí a allmhairítear isteach san Aontas. Thángthas ar an gconclúid gur féidir le húdaráis inniúla na hIndinéise na coinníollacha sláinte ábhartha a chomhlíonadh maidir le hallmhairiú bia peataí próiseáilte ina bhfuil próitéin ainmhíoch phróiseáilte de bhunadh feithidí. Dá bhrí sin, tá bonn cirt leis an Indinéis a chur leis an liosta de thríú tíortha a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ónar féidir bia peataí próiseáilte, ina bhfuil próitéin ainmhíoch phróiseáilte de bhunadh feithidí, a allmhairiú isteach san Aontas agus a bheith faoi bhealach tríd.

(13) Le Rialachán (AE) 2022/384 ón gCoimisiún[9] leasaíodh Tábla 1 i gCaibidil I, Roinn 1, agus Tábla 2 i gCaibidil II, Roinn 2 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011. Bhain an leasú sin, i measc nithe eile, leis an liosta de thríú tíortha atá údaraithe i dtaca le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe a allmhairiú isteach san Aontas a ailíniú leis an liosta de thríú tíortha, críocha nó criosanna díobh óna n-údaraítear coinsíneachtaí d'fheoil úr crúbach a theacht isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún[10]. Mar sin féin, dealraíonn sé gur bunaíodh an liosta le haghaidh allmhairí seachtháirgí ainmhithe i ndáil le cógais a mhonarú go mícheart le linn an ailínithe toisc gur liostaíodh roinnt tríú tíortha go hearráideach mar thíortha a bhí incháilithe d'allmhairí seachtháirgí ainmhithe i ndáil le táirgí cógaisíochta a mhonarú. Ba cheart an earráid sin a cheartú le foclaíocht nua i gCaibidil II, Tábla 2, ró 14, d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011.

(14) Tar éis dhá mhodh mhalartacha nua maidir le seachtháirgí ainmhithe nó táirgí díorthaithe a úsáid nó a dhiúscairt a thabhairt isteach, i gcomhréir leis na leasuithe a dhéantar ar Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 leis an Rialachán seo, in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, ba cheart Tábla 2, ró 17, an colún 'Amhábhair (tagairt d'fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009)' in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a leasú chun tagairt don dá mhodh mhalartacha nua sin a chur leis, ionas go bhféadfar allmhairí amhábhair a ligean isteach san Aontas chun breoslaí in-athnuaite a mhonarú.

(15) Chuir údaráis inniúla na Seapáine liosta nuashonraithe dá n-onnmhaireoirí fótagheilitín ar fáil don Choimisiún. Ba cheart Tábla 3 i gCaibidil II, Roinn 11, d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a leasú chun an liosta nuashonraithe sin d'onnmhaireoirí a chur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn sin a leasú dá réir.

---

[9] Rialachán (AE) 2022/384 ón gCoimisiún an 4 Márta 2022 lena leasaítear Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a mhéid a bhaineann le hoiriúnú na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch óna gceadaítear seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe a theacht isteach san Aontas (IO L 78, 8.3.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/384/oj).

[10] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/404/oj).

(16) Le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, arna leasú le Rialachán (AE) 2021/1372 ón gCoimisiún[11], údaraítear próitéin ainmhíoch phróiseáilte a dhíorthaítear ó fheithidí a úsáid chun éanlaith chlóis agus muc-ainmhithe a bheathú agus, dá bhrí sin, ba cheart na ceanglais lipéadaithe maidir le coinsíneachtaí allmhairithe a oiriúnú. Tar éis seiriceáin (Bombyx mori) a chur leis an liosta de speicis feithidí atá údaraithe i dtaca le próitéin ainmhíoch phróiseáilte a tháirgeadh atá beartaithe chun beatha a mhonarú, ba cheart an deimhniú sláinte ábhartha a oiriúnú. An deimhniú sláinte maidir le próitéin ainmhíoch phróiseáilte a dhíorthaítear ó fheithidí saothraithe lena seoladh chuig an Aontas nó le bheith faoi bhealach tríd an Aontas a leagtar amach i gCaibidil 1A d'Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, ba cheart é a leasú a mhéid a bhaineann leis an lipéadú is gá agus leis an liosta de speicis feithidí údaraithe.

(17) Le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, arna leasú le Rialachán (AE) 2021/1925 ón gCoimisiún[12], leagtar síos rialacha maidir le fuíoll feithidí próiseáilte a chur ar an margadh. Is iomchuí ceanglais ábhartha sláinte ainmhithe a thabhairt isteach maidir le hallmhairí fuíll feithidí ó thríú tíortha atá ar a laghad chomh dian céanna leis na ceanglais is infheidhme maidir le fuíoll feithidí a chur ar mhargadh an Aontais. Ba cheart an toirmeasc ar allmhairí baoití sealgaireachta atá déanta as fual ó ainmhithe den chineál fia a chur isteach sa deimhniú le haghaidh allmhairí aoiligh. Ba cheart an deimhniú sláinte maidir le hallmhairí aoiligh phróiseáilte a leagtar amach i gCaibidil 17 d'Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a leasú chun allmhairí fuíll feithidí phróiseáilte isteach san Aontas a cheadú agus chun allmhairí baoití sealgaireachta atá déanta as fual a thoirmeasc. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a leasú dá réir.

(18) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a leasú dá réir.

(19) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear agus ceartaítear Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 mar a leanas:

1. in Airteagal 13(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

   'Ní fhéadfaidh an t-údarás inniúil údarú a thabhairt ábhar neamhphróiseáilte de Chatagóir 2 a fhaightear ó éin a thabhairt mar bheatha d'ainmhithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar a gcríoch, ach amháin má chinntear i measúnú riosca ón údarás inniúil gur diomaibhseach an riosca maidir le tabhairt isteach agus leathadh an víris HPAI ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais.';

[11] Rialachán (AE) 2021/1372 ón gCoimisiún an 17 Lúnasa 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le toirmeasc ar ainmhithe neamh-athchogantacha feirmshaothraithe, cé is moite d'ainmhithe fionnaidh, a bheathú le próitéin a dhíorthaítear ó ainmhithe (IO L 295, 18.8.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1372/oj).

[12] Rialachán (AE) 2021/1925 ón gCoimisiún an 5 Samhain 2021 lena leasaítear Iarscríbhinní áirithe a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a mhéid a bhaineann le táirgí feithidí áirithe a chur ar an margadh agus le modh coimeádta a oiriúnú (IO L 393, 8.11.2021, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1925/oj).

2. leasaítear Airteagal 25 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear isteach an pointe (d) seo a leanas:

‘(d) baoití sealgaireachta atá déanta as fual ó ainmhithe den chineál fia.’;

(b) i mír 2, cuirtear isteach an pointe (f) seo a leanas:

‘(f) táirgí céaracha beach díorthaithe atá réidh lena ndíol, nach bhfuil beartaithe lena n-úsáid mar bheatha, bia peataí, leasacháin, beachlanna, cosmaidí ná cógaisíocht.’;

3. leasaítear Iarscríbhinní IV, V, XIV agus XV i gcomhréir le Cuid 1 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;

4. ceartaítear Iarscríbhinn XIV i gcomhréir le Cuid 2 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*